2025/1897

16.9.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1897 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Méan Fómhair 2025

lena leasaítear den 349ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIS (Da'esh) agus Al-Qaida

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1), pointe (a) agus Airteagal 7a(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis a chumhdaítear leis an reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.

(2) An 22 Lúnasa 2025, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a bunaíodh de bhun Rúin 1267(1999), 1989(2011) agus 2253(2015) ó Chomhairle Slándála NA, leasú a dhéanamh ar 5 iontráil i liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Thar ceann an Uachtaráin

Ard-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais,
Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

([1]) IO L 139, 29.5.2002, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/881/oj.

IARSCRÍBHINN

Déantar na sonraí aitheantais le haghaidh na n-iontrálacha seo a leanas faoin gceannteideal ‘Daoine nádúrtha’ in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú mar a leanas:

(1) Maidir le ‘Ibrahim Ali Abu Bakr Tantoush (ainm bréige (a) Abd al-Muhsin, (b) Ibrahim Ali Muhammad Abu Bakr, (c) Abdul Rahman, (d) Abu Anas, (e) Ibrahim Abubaker Tantouche, (f) Ibrahim Abubaker Tantoush, (g) Abd al-Muhsi, (h) Abd al-Rahman, (i) Abdel Ilah Sabri (céannacht bhréige a bhaineann le huimhir aitheantais chalaoiseach 6910275240086 na hAfraice Theas a bhfuil baint aici le pasuimhir 434021161 na hAfraice Theas, coigistíodh an dá dhoiciméad sin)). Seoladh: Tripilí, an Libia (mar a bhí i mí Feabhra 2014). Dáta breithe: 2.2.1966. Áit bhreithe: al Aziziyya, an Libia. Náisiúntacht: Libiach. Pasuimhir: (a) Pasuimhir Libiach 203037, a eisíodh i dTripilí, an Libia (b) pasuimhir Libiach 347834, a eisíodh faoin ainm Ibrahim Ali Tantoush, a chuaigh in éag an 21 Feabhra 2014). Faisnéis eile: (a) Bainteach leis an gCoiste Tacaíochta don Afganastáin (ASC), leis an gCumann um Athbheochan na hOidhreachta Ioslamaí (RIHS) agus leis an gGrúpa Comhraiceach Ioslamach Libiach (LIFG). Grianghraf agus méarloirg ar fáil le cur san áireamh i bhFógra Speisialta INTERPOL-CSNA. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2a(4)(b): 11.1.2002.’

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

‘Ibrahim Ali Abu Bakr Tantoush (sa bhunchló: ابراهيم علي أبو بكر تنتوش) (ainm bréige láidir: (a) Abd al-Muhsin, (b) Ibrahim Ali Muhammad Abu Bakr, (c) Abdul Rahman, (d) Abu Anas, (e) Ibrahim Abubaker Tantouche, (f) Ibrahim Abubaker Tantoush, (g) Abd al-Muhsi, (h) Abd al-Rahman, (i) Abdel Ilah Sabri (céannacht bhréige a bhaineann le huimhir aitheantais chalaoiseach 6910275240086 na hAfraice Theas a bhfuil baint aici le pasuimhir 434021161 na hAfraice Theas, coigistíodh an dá dhoiciméad sin); ainm bréige lag: Al-Libi). Dáta breithe: 2.2.1966. Áit bhreithe: al Aziziyya, an Libia. Náisiúntacht: Libiach. Pasuimhir: (a) 203037 (pas Libiach a eisíodh i dTripilí, an Libia), (b) 347834 (pas Libiach a eisíodh faoin ainm Ibrahim Ali Tantoush, a chuaigh in éag an 21.2.2014). Seoladh: an Afganastáin (mar a bhí i mí an Mheithimh 2014). Faisnéis eile: (a) Bainteach leis an gCoiste Tacaíochta don Afganastáin (ASC), leis an gCumann um Athbheochan na hOidhreachta Ioslamaí (RIHS) agus leis an gGrúpa Comhraiceach Ioslamach Libiach (LIFG). Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 11.1.2002.’

(2) Maidir le ‘Al-Azhar Ben Khalifa Ben Ahmed Rouine (ainm bréige (a) Salmane, (b) Lazhar). Seoladh: No 2 89th Street Zehrouni, Túinis, an Túinéis. Dáta breithe: 20.11.1975. Áit bhreithe: Sfax, an Túinéis. Náisiúntacht: Túinéiseach. Pasuimhir: (a) P182583 (pas Túinéiseach a eisíodh an 13.9.2003, a chuaigh in éag an 12.9.2007), (b) 05258253 (Aitheantas náisiúnta). Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 12.11.2003.’

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

‘Al-Azhar Ben Khalifa Ben Ahmed Rouine (sa bhunchló: الأزهر بن خليفة بن احمد روين) (ainm bréige lag: (a) Salmane, (b) Lazhar). Dáta breithe: 20.11.1975. Áit bhreithe: Sfax, an Túinéis. Náisiúntacht: Túinéiseach. Pasuimhir: P182583 (pas Túinéiseach a eisíodh an 13.9.2003, a chuaigh in éag an 12.9.2007). Seoladh: No 2 89th Street Zehrouni, Túinis, an Túinéis. Faisnéis eile: (a) Chuir Cúirt Achomhairc Milano na hIodáile pianbhreith príosúnachta 6 bliana agus 10 mí air mar gheall ar bhallraíocht i gcomhlachas sceimhlitheoireachta, an 7.2.2008, (b) Cuireadh i bpríosún é i bPríosún Sfax an 5.6.2007 de bhun ordú a d’eisigh an Binse Achomhairc sa Túinéis as dul isteach in eagraíocht a bhfuil baint aici le coireanna sceimhlitheoireachta (cás Uimh. 9301/207), (c) Cuireadh pianbhreith príosúnachta 2 bhliain agus 15 lá air agus scaoileadh saor é an 18.6.2008, (d) Mheas údaráis na hIodáile gurbh éalaitheach ón dlí é i mí Iúil 2008, (e) An 20.1.2009, d’eisigh údaráis na hIodáile ordú coinneála (Uimh. 70/2009 S.I.E.P), tar éis pianbhreith 3 bliana 4 mhí agus 29 lá i leith coireanna a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht, (f) Cuireadh faoi bheart seiceála riaracháin sa Túinéis é in 2010. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 12.11.2003.’

(3) Maidir le ‘Sulaiman Jassem Sulaiman Ali Abo Ghaith (ainm bréige Abo Ghaith). Dáta breithe: 14.12.1965. Áit bhreithe: Cuáit. Pasuimhir: 849594 (pas Cuátach a eisíodh an 27.11.1998 i gCuáit, a chuaigh in éag an 24.6.2003). Faisnéis eile: (a) Baineadh a shaoránacht Chuátach uaidh in 2002; (b) D’fhág sé Cuáit chun dul go dtí an Phacastáin in i mí an Mheithimh 2001. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2a(4)(b): 16.1.2004.’

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

‘Sulaiman Jassem Sulaiman Ali Abo Ghaith (sa bhunchló: سليمان جاسم سليمان علي أبوغيث) (ainm bréige lag: Abo Ghaith). Dáta breithe: 14.12.1965. Áit bhreithe: Cuáit. Pasuimhir: 849594 (pas Cuátach a eisíodh an 27.11.1998 i gCuáit, a chuaigh in éag an 24.6.2003). Faisnéis eile: (a) Rinneadh cúlghairm ar a shaoránacht Chuátach in 2001 agus tá sé i bpríosún faoi láthair i Stáit Aontaithe Mheiriceá; (b) D’fhág sé Cuáit chun dul go dtí an Phacastáin in i mí an Mheithimh 2001. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 16.1.2004.’

(4) Maidir le ‘Shafi Sultan Mohammed Al-Ajmi (ainm bréige (a) Shafi al-Ajmi; (b) Sheikh Shafi al-Ajmi; (c) Shaykh Abu-Sultan). Teideal: Dochtúir. Dáta breithe: 1.1.1973. Áit bhreithe: Warah, Cuáit. Seoladh: Area 3, Street 327, Building 41, Al-Uqaylah, Cuáit. Náisiúntacht: Cuátach. Pasuimhir: 0216155930. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2a(4)(b): 23.9.2014.’

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

‘Shafi Sultan Mohammed Al-Ajmi (ainm bréige láidir: (a) Shafi al-Ajmi, (b) Sheikh Shafi al-Ajmi, (c) Shaykh Abu-Sultan). Teideal: Dochtúir. Dáta breithe: 1.1.1973. Áit bhreithe: Warah, Cuáit. Náisiúntacht: Cuátach. Pasuimhir: 0216155930. Seoladh: Area 3, Street 327, Building 41, Al-Uqaylah, Cuáit. Faisnéis eile: (a) Tiomsaitheoir airgid le haghaidh Jabhat Fatah al-Sham ar son Phobal na Leiveainte, (b) Scaoileadh saor é ón bpríosún i gCuáit i mí na Samhna 2023 mar chuid d’Fhoraithne Speisialta Amiri, Pardún Uimh. 225/2023. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 23.9.2014.’

(5) Maidir le ‘Gulmurod Khalimov. Dáta breithe (a) 14.5.1975, (b) thart ar 1975. Áit bhreithe: (a) Limistéar Varzob, an Táidsíceastáin, (b) Dushanbe, an Táidsíceastáin. Náisiúntacht: An Táidsíceastáin. Seoladh: Poblacht Arabach na Siria (suíomh mar a bhí i mí Mheán Fómhair 2015). Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 29.2.2016.’

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

‘Gulmurod Khalimov. Dáta breithe (a) 14.5.1975, (b) thart ar 1975. Áit bhreithe: (a) Limistéar Varzob, an Táidsíceastáin, (b) Dushanbe, an Táidsíceastáin. Náisiúntacht: An Táidsíceastáin. Seoladh: An Afganastáin (cúigí Kunar agus Nuristan agus limistéir teorann i gceantar Zebok, cúige Badakhshan). Faisnéis eile: (a) Saineolaí míleata atá lonnaithe sa tSiria, comhalta agus earcaitheoir de chuid an Stáit Ioslamaigh san Iaráic agus sa Leiveaint, (b) Duine a bhfuil Rialtas na Táidsíceastáine sa tóir air. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 29.2.2016.’